Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10048/23**

**PROCIV 39**
**IPCR 40**
**COHAFA 61**
**DEVGEN 102**
**JAI 762**
**ATO 32**
**CHIMIE 51**
**COEST 342**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9798/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le hathléimneacht uile-shochaí a neartú i gcomhthéacs na cosanta sibhialta, lena n-áirítear ullmhacht do bhagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) iad ag an 3955ú cruinniú a bhí aici an 8 agus an 9 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE hATHLÉIMNEACHT UILE-SHOCHAÍ A NEARTÚ I gCOMHTHÉACS NA COSANTA SIBHIALTA, LENA N-ÁIRÍTEAR ULLMHACHT CBRN

## Réamhrá

1. Ag féachaint d'Airteagal 196 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena gcothaítear comhar idir Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar thubaistí, agus Airteagal 222 CFAE, faoina ngníomhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit de mheon na dlúthpháirtíochta má dhéanann tubaiste difear do Bhallstát;

2. Á chur i dtreis di gur tharla roinnt géarchéimeanna comhuaineacha, trasearnála, fadtéarmacha, trasteorann san Eoraip le blianta beaga anuas. Áirítear leis sin cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, paindéim COVID-19, agus líon mór tubaistí nádúrtha, mar shampla creathanna talún, falscaithe, agus tuilte, ar measa fós mórán acu mar thoradh ar an athrú aeráide, ar gá bainistiú éifeachtach tubaistí a dhéanamh orthu go léir, agus an gá atá le cur chuige na hathléimneachta uile-shochaí chun freagairt do na riachtanais agus na bagairtí sin á aithint;

3. Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle in 2009 maidir le slándáil cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach (CBRN) a neartú san Aontas Eorpach — Plean Gníomhaíochta CBRN de chuid an Aontais[1], na conclúidí ón gComhairle in 2009 maidir le múscailt feasachta i ndáil leis an gcosaint shibhialta[2], conclúidí ón gComhairle in 2021 maidir le feabhas a chur ar an ullmhacht, an cumas freagartha agus an athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo[3], na conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2021 ina dtagraítear dár n-ullmhacht chomhchoiteann, dár gcumas freagartha agus dár n-athléimneacht i dtaca le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo, ar tosaíocht mhór pholaitiúil chothrománach ag an Aontas í[4], agus do na conclúidí ón gComhairle in 2022 maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide[5] lena gcuirtear béim ar an ngá atá le gníomhaíochtaí treisithe chun cosc, ullmhacht agus acmhainneacht freagartha a mhéadú i ndáil leis an athrú aeráide chomh maith lena thábhachtaí atá sé go rannchuidíonn na saoránaigh lena sábháilteacht agus lena n-athléimneacht féin;

---

[1] 15505/1/09 REV1 + COR1 + COR2
[2] 9976/09
[3] 14276/21
[4] EUCO 22/21
[5] 7146/22

4. Agus an Teachtaireacht agus an Moladh ón gCoimisiún maidir le spriocanna athléimneachta an Aontais de dheasca tubaistí[6] á dtabhairt dá haire, a glacadh an 8 Feabhra 2023, ina leagtar amach bonnlíne choiteann neamhcheangailteach chun acmhainneacht chomhchoiteann an Aontais a neartú chun iarmhairtí tubaistí a chosc, ullmhú lena n-aghaidh agus freagairt dóibh, agus chun saoránaigh, slite beatha agus an comhshaol a chosaint;

5. Á admháil di go bhfuil ról lárnach ag an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta i bhfreagairt na hEorpa ar thubaistí nádúrtha agus de dhéanamh an duine, lena n-áirítear cabhair chomhchineáil a thabhairt don Úcráin agus do thíortha eile atá thíos le cogadh foghach na Rúise;

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas**

6. Admhaíonn sí go bhfuil dúshlán ag baint le saol an lae inniu i bhfianaise cogadh a bheith faoi lán seoil san Eoraip, an athraithe aeráide agus phaindéim COVID-19, agus á chur i bhfios go láidir di a thábhachtaí atá sé an athléimneacht uile-shochaí a neartú i gcomhthéacs na cosanta sibhialta i bhfianaise líon méadaitheach géarchéimeanna fadtéarmacha, casta, trasteorann agus trasearnála;

7. Is mór aici an Teachtaireacht agus an Moladh ón gCoimisiún maidir le spriocanna athléimneachta neamhcheangailteacha an Aontais de dheasca tubaistí[7], lena n-áirítear na tionscnaimh shuaitheanta chomhfhreagracha, agus cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé comhlántacht agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo le sraitheanna oibre eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda a chur chun cinn, mar shampla cur chun feidhme na Treorach maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil[8],
Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaistí 2015-2030, chomh maith le comhar idir an tAontas agus ECAT, agus prionsabail na hoscailteachta agus na trédhearcachta frithpháirtí, na cuimsitheachta agus na cómhalartachta agus an neamhspleáchais cinnteoireachta á n-urramú go hiomlán, agus ar bhonn spriocanna athléimneachta an Aontais de dheasca tubaiste agus na seacht gceanglas bonnlíne de chuid ECAT maidir leis an athléimneacht náisiúnta trí idirphlé tiomnaithe struchtúrtha idir an tAontas agus ECAT i dtaca le hathléimneacht;

8. Meabhraítear di gur glacadh céimeanna tosaigh i réimse na cosanta sibhialta chun an athléimneacht uile-shochaí a neartú;

---

[6] 6281/23 + ADD1, 6259/23

[7] Moladh (C/2023/400) ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 maidir le spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí 2023/C 56/01, IO C 56, 15.2.2023, lch. 1; Teachtaireacht COM (2023) 61 final ón gCoimisiún

[8] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle, IO L 333, 27.12.2022, lgh. 164-198

9. Is díol sásaimh di an plé maidir le tionscnamh Eorpach um fheasacht ar ghéarchéimeanna agus ullmhacht lena n-aghaidh agus cuireann sí i bhfios go láidir gur cheart é a bheith bunaithe ar chur chuige uile-ghuaise agus é mar aidhm aige an daonra a chumhachtú le bheith athléimneach nuair a chuirtear isteach ar fheidhmeanna sochaíocha;

10. Is mór aici na céimeanna a ghlac an Coimisiún chun tús a chur le staidéar mapála agus indéantachta chun tionscnamh Eorpach um fheasacht ar ghéarchéimeanna agus ullmhacht lena n-aghaidh a choincheapú a thuilleadh, agus prionsabal na coimhdeachta agus an gá atá le solúbthacht á gcur san áireamh do na Ballstáit chun an tionscnamh a oiriúnú d'éagsúlachtaí náisiúnta;

11. Is díol sásaimh di cur chuige céim ar chéim, ag tosú le mapáil a dhéanamh ar dhea-chleachtais maidir le comhar poiblí-príobháideach, a d'fhéadfadh rannchuidiú le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i ngníomhaíochtaí cosanta sibhialta a fheabhsú le linn na gcéimeanna coisc, ullmhachta agus freagartha;

12. Admhaíonn sí gurb í freagairt an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin an oibríocht cosanta sibhialta is mó agus is casta de chuid Aontais ó bunaíodh an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus cuireann sí i dtreis gur gá an chosaint shibhialta a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon;

13. Meabhraítear di an obair a rinne an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) agus an Chomhairle, lena n-áirítear faoi chuimsiú na socruithe comhtháite maidir le freagairt pholaitiúil ar ghéarchéimeanna (IPCR) a ghníomhachtú do chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin;

14. Tugann sí dá haire go háirithe na bearta atá beartaithe i socruithe ullmhachta agus freagartha CBRN a bhféadfadh an tAontas agus na Ballstáit iad a ghlacadh i bhfianaise chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin;

15. Á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé ullmhacht a neartú do theagmhais CBRN feadh an speictrim riosca ina iomláine, san Úcráin agus lasmuigh di araon;

16. Admhaíonn sí gur gá roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh sa ghearrthéarma chun ullmhacht a fheabhsú a thuilleadh i gcás teagmhas CBRN, ach go bhfuil gá freisin le gníomhaíochtaí níos fadtéarmaí chun cumas an Aontais ullmhú do theagmhais CBRN agus freagairt dóibh a neartú;

17. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá athléimneacht náisiúnta CBRN agus cumais ullmhachta agus freagartha CBRN a neartú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, agus ar an gcaoi sin athléimneacht an Aontais a mhéadú, rud a chumasóidh tacaíocht do thríú tíortha, lena n-áirítear an Úcráin;

18. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá an comhar sibhialta-míleata i dtaca le hoibríochtaí CBRN, lena n-áirítear faoi chuimsiú an chomhair idir an tAontas agus ECAT agus lánurraim á tabhairt do na treoirphrionsabail a comhaontaíodh, chun comhleanúnachas na n-iarrachtaí fothaithe acmhainneachta, comhroinnt faisnéise atá leordhóthanach, cómhalartach agus neamh-idirdhealaitheach agus gníomhaíochtaí freagartha comhordaithe a áirithiú;

**Iarrann sí ar na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:**

19. Béim a leagan ar an ngá atá le cur chuige na hathléimneachta uile-shochaí i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar líon na ngéarchéimeanna comhuaineacha, fadtéarmacha, trasearnála agus trasteorann;

20. Tacú le gníomhaíochtaí coisctheacha agus ullmhachta chun feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais agus a Bhallstát éifeachtaí tubaiste arb iad is cúis le héifeachtaí iltíre trasteorann, nó a d'fhéadfadh a bheith ina cúis leo, a sheasamh trí chur chun feidhme spriocanna athléimneachta neamhcheangailteacha an Aontais de dheasca tubaistí a chur chun cinn;

21. Féachaint an bhféadfaí páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscnaimh feasachta agus ullmhachta ar leibhéal an Aontais, go háirithe 'preparEU' - clár nua atá beartaithe, agus béim ar leith á leagan ar ullmhacht an duine aonair, agus tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta á gcur san áireamh;

22. Faisnéis faoi fheachtais náisiúnta feasachta riosca agus ullmhachta a ionchorprú agus a chomhroinnt, i gcás inarb iomchuí, chun tacú le hobair an tionscadail shuaitheanta faoi sprioc athléimneachta 2 an Aontais de dheasca tubaistí;

23. Féachaint an bhféadfaí na cleachtais um chomhar poiblí-príobháideach a fhorbairt a thuilleadh lena bhfeabhsaítear gníomhaíochtaí cosanta sibhialta maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt, i gcás inarb iomchuí;

24. Na féidearthachtaí atá ann a shaothrú a thuilleadh chun acmhainneachtaí nua is ábhartha maidir le CBRN a thairiscint agus a chlárú sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta;

25. Feabhas a chur ar an gcomhar laistigh den Chomhairle, chun tacú, de réir mar is iomchuí, le comhordú maidir le cumarsáid, gníomhaíochtaí faisnéise agus iarrachtaí i ndáil le hullmhacht do theagmhais CBRN a d'fhéadfadh a bheith ann. Agus IPCR á ghníomhachtú, i ndáil le teagmhais CBRN a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart don Uachtaránacht a chur de chúram, de réir mar is iomchuí, ar Líonra neamhfhoirmiúil na Cumarsáide Géarchéime, atá mar chuid de shocruithe IPCR, feabhas a chur ar an gcumarsáid leis an bpobal agus ar theachtaireachtaí comhleanúnacha maidir le gnéithe éagsúla den ghéarchéim leanúnach. Féadfaidh an Uachtaránacht agus cruinnithe comhchéime IPCR a chur de chúram ar Líonra neamhfhoirmiúil na Cumarsáide Géarchéime gníomhaíochtaí sonracha eile a dhéanamh i ndáil le géarchéim atá ar siúl chun féachaint an bhféadfaí cumarsáid chomhpháirteach, gníomhaíochtaí faisnéise agus iarrachtaí a dhéanamh i ndáil le teagmhais CBRN a d'fhéadfadh a bheith ann;

26. Rannpháirtíocht in oiliúint agus i bhfreachnaimh a bhaineann le CBRN a neartú.

**Iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

27. Cur chun feidhme spriocanna athléimneachta neamhcheangailteacha an Aontais de dheasca tubaistí a chur chun cinn, lena n-áirítear na tionscnaimh shuaitheanta agus i gcomhar leis na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta, na spriocanna a athbhreithniú agus a fhorbairt, i bhfianaise na riachtanas atá ag athrú agus na ngníomhaíochtaí a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a sainaithníodh trí cheachtanna foghlamtha, cruthú creatlaí cáis agus pleanáil bainistithe tubaistí, ar chríoch iomlán an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na réigiúin is forimeallaí, agus an t-ualach riaracháin agus an dúbláil á seachaint;

28. Leanúint den obair, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ar staidéar mapála agus indéantachta chun tionscnamh Eorpach um fheasacht ar ghéarchéimeanna agus ullmhacht lena n-aghaidh a choincheapú a thuilleadh, lena n-áirítear rioscaí sonracha a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí den Aontas;

29. Mapáil a dhéanamh, i gcomhar leis na Ballstáit, ar an gcomhar leanúnach leis an earnáil phríobháideach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i réimse na cosanta sibhialta, agus sainorduithe agus modhanna éagsúla cur chun feidhme na mBallstát á n-aithint ag an am céanna.

**Maidir le bearta gearrthéarmacha CBRN, iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

30. Feabhas a chur ar chumas luathrabhaidh CBRN, chun freagairt éifeachtach thráthúil a áirithiú, i gcomhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. IAEA, OPCW);

31. Plé cásbhunaithe a bhaineann go sonrach le CBRN a áirithiú agus a éascú leis na Ballstáit, le Stáit Rannpháirteacha sa Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus le heagraíochtaí ábhartha chun tuilleadh gníomhaíochtaí a fhiosrú;

32. Na bearta is gá a dhéanamh chun féachaint an bhféadfaí faisnéis rialta a bhaineann go sonrach le CBRN a chur ar fáil do na Ballstáit, ar faisnéis í a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin agus le rioscaí CBRN, de réir mar is iomchuí, as a n-eascróidh ullmhacht chomhchoiteann níos fearr agus sainaithint níos fearr ar ghníomhaíochtaí tacaíochta;

33. Dlús a chur le próiseas deimhniúcháin na n-acmhainneachtaí CBRN arna gclárú sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta, leanúint d'fhorbairt acmhainneachtaí rescEU, agus féachaint, i gcomhar leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, ar an gcaoi ar féidir acmhainneachtaí CBRN atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta nó laistigh d'eagraíochtaí eile a úsáid faoi chuimsiú an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta;

34. Féidearthachtaí breise a fhiosrú chun soláthar trealaimh CBRN a éascú do na Ballstáit lena n-áirítear faoi rescEU, bealaí a shainaithint chun amanna imscartha acmhainneachta a laghdú a thuilleadh i gcás teagmhas CBRN agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí agus na n-oibríochtaí atá ar bun cheana féin;

35. Réitigh a fhiosrú i gcomhar leis na Ballstáit chun féidearthacht na mBallstát acmhainneachtaí CBRN a bhaineann le cosaint shibhialta a imscaradh chuig tíortha atá buailte ag coinbhleacht a éascú, agus tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar oiliúint a chur ar phearsanra na hÚcráine;

36. Féachaint, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, ar na hionchais maidir le socruithe siarshínidh a bhunú nó iad siúd atá ann cheana a leathnú, chun tacú le céadfhreagróirí agus le pearsanra eile le tacaíocht shaineolach agus anailíseach trí mhodhanna fíorúla.

**Maidir le bearta CBRN níos fadtéarmaí, iarrann sí ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

37. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí ábhartha, féidearthachtaí breise a fhiosrú chun a áirithiú go dtuigfear gur príomhbhealach é an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta le haghaidh iarrataí ar ábhar a bhaineann le cosaint shibhialta (foirne, trealamh, soláthairtí etc.);

38. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, na féidearthachtaí a fhiosrú a thuilleadh maidir le conas aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann faoi láthair sna hacmhainneachtaí is gá chun déileáil le héifeachtaí cascáideacha mhórtheagmhas CBRN;

39. Féachaint ar conas rochtain ar an margadh a mhéadú ar chineálacha éagsúla trealaimh, soláthairtí agus ábhair is ábhartha maidir le CBRN trí intuarthacht fhadtéarmach ceannaigh a bheith ann;

40. Obair leantach a dhéanamh le húdaráis cosanta sibhialta maidir le riachtanais ábhartha oiliúna agus freachnaimh, agus más féidir, oiliúint agus freachnaimh CBRN um chosaint shibhialta a eagrú ar bhonn níos rialta;

41. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, tuilleadh plé a dhéanamh ar conas obair leantach a dhéanamh ar na bearta atá beartaithe agus iad a chur chun feidhme.